An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán 0078/2022

Chuig: Boird Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha Aitheanta agus
agus
Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Scéim Saoire Mhéala do Mhúinteoirí Aitheanta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta

Treoraíonn an tAire Oideachais d'fhostóirí, de bhun na cumhachta atá in Alt 24 den Acht Oideachais (arna leasú), na nósanna imeachta mar atá luaite a chur i bhfeidhm i gcás múinteoirí cláraithe incháilithe atá fostaithe i bpoist teagaisc faofa arna maoiniú ag airgead atá á sholáthar ag cistí an Oireachtais.

Caithfidh gach fostóir agus múinteoir cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha mar atá luaite le héifeacht ó dháta an Chiorcláin seo.

Tagann an Ciorclán seo in ionad gach Ciorclán, meabhrán, riail agus na rialachán roimhe seo maidir le Saoire Mhéala do mhúinteoirí cláraithe atá fostaithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna aitheanta.

Cinntigh le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/ de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear an t-ábhar faoi bhráid gach múinteoir i d'fhostaíocht lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

Ba chóir aon cheist a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús a d'fhéadfadh dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch. Féadfar aon cheisteanna breise a chur chuig an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo: teachersna@education.gov.ie

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag: www.gov.ie.

Clare Butler
Príomhoifigeach
Aonad Múinteoirí/CRS – Téarmaí agus Coinníollacha

Sinéad Keenaghan
Príomhoifigeach
Rannóg Párolla

12 Nollaig 2022

Clár

Sainmhínithe agus Giorrúcháin ... 3

1. Scéim Saoire Mhéala ... 4

2. Teidlíocht ar Shaoire Mhéala ... 4

3. Nósanna Imeachta Iarratais ... 4

4. Saoire a Thaifeadadh ... 5

5. Stádas le linn Saoire Mhéala ... 5

6. Múinteoir Ionaid ... 6

7. Fostaíocht le linn bheith ar Shaoire Mhéala ... 6

8. Teidlíochtaí Méala do Cheapacháin Téarma Sheasta/Cuspóir Seasta ... 6

9. Teagmháil le linn Saoire ... 6

10. An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe ... 6

11. Seoladh Comhfhreagrais ... 6

12. Comhlíonadh ... 6

13. Doiciméid a Choimeád ... 6

Aguisín A – Teidlíochtaí Saoire Mhéala ... 7

Aguisín B – Saoire Mhéala: Ríomhaireachtaí Samplacha ... 8

Aguisín C – Foirm Iarratais do Shaoire Mhéala ... 10

Sainmhínithe agus Giorrúcháin

Chun críocha an Chiorcláin seo, tá leis na téarmaí seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh mura gcuirtear a mhalairt in iúl leis an gcomhthéacs:

Conradh 'Cúl le Cúl' - ciallaíonn conradh a leanann díreach ón gconradh roimhe sin gan aon bhriseadh sa tseirbhís m.sh. críochnaíonn conradh amháin an 31 Lúnasa agus tosóidh conradh nua an 1 Meán Fómhair den bhliain chéanna.

Fostóir – ciallaíonn seo Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoile (seachas bunscoileanna pobail), meánscoileanna deonacha, scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/ coláistí pobail, bunscoileanna pobail. Féadfaidh an Bord Bainistíochta/Bainisteoir nó BOO freagracht a tharmligean, de réir mar is cuí, maidir le nithe a leagtar amach sa Chiorclán seo.

BOO – ciallaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna bunaithe faoi, agus rialaithe i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Córas Éileamh ar Líne (CÉAL) – ciallaíonn an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha le neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus le héileamh a dhéanamh ar ionadaíocht.

Pámháistir – ciallaíonn sé an eagraíocht atá i gceannas ar thuarastail a íoc. Sin í an Roinn Oideachais i gcás múinteoirí bunscoile (lena n-áirítear scoileanna náisiúnta pobail), iar-bhunscoileanna, scoileanna pobail agus cuimsitheacha deonacha agus na BOOanna nó Seirbhísí Gnó Roinnte an Oideachais (SGRO) i gcás múinteoirí gairmscoileanna/coláistí pobail.

Scoil Aitheanta – ciallaíonn scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais i gcomhréir le hAlt 10 den Acht Oideachais 1998.

Múinteoir – ciallaíonn duine atá cláraithe leis An Chomhairle Mhúinteoireachta.

An Roinn – ciallaíonn An Roinn OIdeachais.

Lá Oibre – ciallaíonn lá ar bith ó Luan go hAoine i rith na bliana féilire, seachas laethanta saoire poiblí/bainc. Chun críche teidlíochta Saoire Mhéala, déanfar tréimhsí dúnta scoile (m.sh. an Nollaig, an samhradh, lár téarma) a tharlaíonn le linn na tréimhse saoire a thaifeadadh mar Shaoire Mhéala.

1. Scéim Saoire Mhéala

1.1 Is é cuspóir an Chiorcláin seo ná na forálacha leasaithe faoin Scéim um Shaoire Méala, a fhéadfaidh fostóir a dheonú do mhúinteoir, a leagan amach i gcás bás gaoil.

2. Teidlíocht ar Shaoire Mhéala

2.1 Tá múinteoir i dteideal saoire speisialta le pá i gcás bás aon ghaol atá liostaithe in Aguisín A den Chiorclán seo. Beidh an líon laethanta saoire speisialta le pá a fhéadfar a dheonú ag brath ar an ngaol, mar a shonraítear in Aguisín A.

2.2 Caithfear leas a bhaint as Saoire Mhéala ag am an mhéala, chun am saor ón obair a éascú don mhúinteoir.

2.3 I gcúinsí eisceachtúla, má tharlaíonn an tsochraid níos déanaí (m.sh. i gcás sochraide thar lear), féadfar Saoire Mhéala a dheonú ag an am sin, de rogha an fhostóra.

2.4 Caithfear Saoire Mhéala a ghlacadh thar thréimhse comhleanúnach. Ríomhtar an teidlíocht don Shaoire Méala bunaithe ar na laethanta oibre, le tréimhsí dúnta scoile san áireamh, agus saoire poiblí/bainc agus deireadh seachtaine as an áireamh. Féach na samplaí atá leagtha amach in Aguisín B den Chiorclán seo.

2.5 Maidir le múinteoir atá ag roinnt poist faoi láthair, braithfidh méid na Saoire Mhéala a dheonaítear ar cibé an raibh an múinteoir ar an sceideal le bheith ag obair le linn na tréimhse saoire. Déan tagairt le do thoil do shampla 3 atá leagtha amach in Aguisín B.

2.6 Má bhíonn múinteoir as láthair cheana féin ar shaoire cheadaithe eile (m.sh. Saoire Bhreoiteachta, Saoire Mháithreachais, Saoire Chúramóra, Saoire Thuismitheoirí, Saoire Pósta) nuair a tharlaíonn an méala, ní féidir Saoire Mhéala a chur ina ionad.

2.7 Ní gá do mhúinteoir leas a bhaint as an teidlíocht Saoire Mhéala go léir. I gcásanna áirithe, b'fhéidir gur mhaith le múinteoir filleadh ar an obair níos luaithe.

3. Nósanna Imeachta Iarratais

3.1 Ba chóir do mhúinteoir atá as láthair mar thoradh ar mhéala é sin a chur in iúl láithreach don fhostóir.

3.2 Ba chóir iarratas ar Shaoire Mhéala a chur faoi bhráid an fhostóra a luaithe is indéanta go praiticiúil tar éis an mhéala, ag baint úsáide as an bhFoirm in Aguisín C den Chiorclán seo.

3.3 Má chinneann fostóir nach bhfuil teidlíocht ann, nó gur teidlíocht Saoire Mhéala níos lú atá i gceist faoin gCiorclán seo, caithfidh an fostóir fógra i scríbhinn a thabhairt don mhúinteoir a luaithe is féidir maidir lena chinneadh

agus na forais don diúltú a chur in iúl, i.e. mura sásaíonn an t-iarratas na critéir do theidlíocht Saoire Mhéala faoin gCiorclán seo.

4. Saoire a Thaifeadadh

4.1 Tar éis don fhostóir faomhadh a thabhairt don Saoire Mhéala, caithfidh an fostóir an neamhláithreacht a thaifeadadh go tráthúil ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

4.2 Do scoileanna a úsáideann CÉAL na Roinne, caithfear Saoire Mhéala a thaifeadadh ar an CÉAL faoi 'Saoire Phearsanta', fochatagóir dar teideal 'Saoire Mhéala'.

4.3 **Socruithe eatramhacha chun Saoire Mhéala a thaifeadadh ar an CÉAL:**
(a) Ag céim fhoilsithe an Chiorcláin seo, beidh an fochatagóir 'Saoire Mhéala' á fhorbairt sa Roinn.

(b) Go dtí go mbeidh an fhochatagóir 'Saoire Mhéala' ar fáil ar an CÉAL, beidh na socruithe seo a leanas i bhfeidhm:-

i) féadfaidh an fostóir an Saoire Mhéala a thaifeadadh faoin bhfochatagóir reatha dar teideal 'Bás sa Teaghlach'.

ii) má bhíonn 5 lá oibre nó níos mó mar theidlíocht Saoire Mhéala faofa don mhúinteoir, caithfidh an fostóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ag onlineclaims@education.gov.ie chun iarraidh go ndéanfaí an tsaoire bhreise a thaifeadadh ar an CÉAL.

iii) gcásanna dá leithéid, caithfidh an fostóir an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil don Roinn, ionas gur féidir an tsaoire a thaifeadadh:-

- Ainm an Mhúinteora
- Uimhir PSP an Mhúinteora
- Uimhir Rolla na scoile ina bhfuil an múinteoir fostaithe faoi láthair
- Dáta tosaithe agus dáta deiridh na tréimhse atá faofa do Shaoire Mhéala
- Gaol an duine atá básaithe leis an múinteoir

(c) Cuirfear in iúl d'fhostóirí tríd an CÉAL nuair a bheidh an fo-chatagóir 'Saoire Mhéala' ar fáil do scoileanna chun an tsaoire seo a thaifeadadh.

4.4 Caithfidh scoileanna BOO Saoire Mhéala a thaifeadadh ar a gcóras BOO ábhartha.

5. Stádas le linn Saoire Mhéala

5.1 Meastar chun gach críche go bhfuil múinteoir atá ar Shaoire Mhéala fostaithe ag an am lena n-áirítear ar mhaithe le luach saothair agus aoisliúntas. Tá Saoire Mhéala inríofa go hiomlán le haghaidh sinsearachta agus dul chun cinn ar an scála incriminteach tuarastail.

6. Múinteoir Ionaid

6.1 Féadfaidh an fostóir múinteoir ionaid a cheapadh, íoctha ag an bPámháistir fad a bhíonn múinteoir as láthair ar Shaoire Mhéala agus caithfear é seo a thaifeadadh ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

7. Fostaíocht le linn bheith ar Shaoire Mhéala

7.1 Níl sé ceadaithe do mhúinteoir ar Shaoire Mhéala bheith gafa in aon chineál teagaisc ná fostaíocht íoctha eile.

8. Teidlíochtaí Méala do Cheapacháin Téarma Sheasta/Cuspóir Seasta

8.1 Le linn théarma an chonartha, beidh teidlíochtaí saoire iomlána ag múinteoir atá ar chonradh fostaíochta téarma sheasta/cuspóra shocraithe faoin Scéim um Shaoire Mhéala. Níor cheart go gcuirfeadh deonú nó glacadh na saoire seo as do cheapachán ar théarma seasta/cuspóir seasta nó ar athnuachan ceapachán dá leithéid sin.

8.2 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht múinteora ar Shaoire Mhéala ar dhul in éag chonradh agus ní dhéanfar an conradh sin a athnuachan mura leanann an conradh sin go díreach le conradh 'cúl le cúl' i bpost múinteoireachta ceadaithe maoinithe ag cistí an Oireachtais.

9. Teagmháil le linn Saoire

9.1 Meastar gur dea-chleachtas é cultúr dearfach folláine a chothabháil sa scoil, teagmháil chuí a bheith idir an fostóir agus an múinteoir le linn tréimhsí saoire. Ba chóir do chineál na teagmhála seo díriú ar leas an mhúinteora agus ar fhilleadh rathúil ar an obair a éascú.

10. An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe

10.1 Tá an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe, atá á sholáthar faoi láthair ag Spectrum Life, mar acmhainn tacaíochta d'fhostaithe. Is é 1800 411 057 an líne chabhrach saorghlao rúnda agus tá sí ar fáil 24 uair sa lá, 365 lá sa bhliain.

11. Seoladh Comhfhreagrais

11.1 Seolfaidh an fostóir gach comhfhreagras riachtanach chuig an múinteoir ag an seoladh ríomhphoist/baile is déanaí a cuireadh ar fáil. Ní bheidh aon locht ar an bhfostóir má tharlaíonn nach bhfaigheann an múinteoir a leithéid de chomhfhreagras.

12. Comhlíonadh

12.1 Má theiptear cloí leis na téarmaí atá leagtha amach sa Chiorclán seo, féadfar plé leis seo faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe agus d'fhéadfadh scor tuarastail a bheith mar thoradh air seo i gcás múinteoirí agus/nó clúdach ionadaíochta a tharraingt siar do scoileanna.

13. Doiciméid a Choimeád

13.1 Caithfidh an fostóir gach doiciméad a bhaineann le neamhláithreachtaí múinteoirí a choinneáil go sábháilte agus go slán leis na taifid phearsanra ábhartha agus de réir bheartas cosanta sonraí na scoile agus na rialacháin um chosaint sonraí. D'fhéadfadh oifigigh ainmnithe na Roinne na taifid seo a roghnú lena n-iniúchadh.

Aguisín A – Teidlíochtaí Saoire Mhéala

Gaol an Mhúinteora	Teidlíocht Saoire Mhéala
Neasteaghlach: • Céile (páirtí comhchónaitheach san áireamh) • Leanbh (leanbh uchtaithe, leasleanbh agus leanbh a bhfuil cúram á thabhairt dó ar bhonn 'in loco parentis' san áireamh) • Duine ar bith i ngaol spleáchais tí (ciallaíonn go raibh an duine nach maireann ag roinnt lóistín leis an múinteoir agus ag brath orthu freisin dá gcúram)	20 lá oibre ar a mhéad
Neasghaol: • Athair • Máthair • Leas-athair • Leasmháthair • Deartháir • Leas-deartháir • Leath-deartháir • Deartháir céile • Deirfiúr • Leas-deirfiúr • Leath-deirfiúr • Deirfiúr céile • Athair céile • Máthair céile • Mac céile • Iníon céile • Seanathair • Seanmháthair • Garleanbh Nóta: Déileáiltear le teidlíocht do pháirtí comhchónaithe (an múinteoir) mar an gcéanna le teidlíocht do chéile i.e. teidlíocht do mháthair-chéile, athair céile, deirfiúr-chéile, deartháir céile.	5 lá oibre ar a mhéad Má bhíonn ar mhúinteoir taisteal thar lear chun socruithe sochraide a dhéanamh maidir le garghaol, féadfar Saoire Mhéala níos faide ná 5 lá oibre a dheonú de rogha an fhostóra. Nóta: Do scoileanna a úsáideann CÉAL na Roinne, ba chóir don fhostóir dul i dteagmháil leis an Roinn (Deasc Chabhrach CÉAL) ag: onlineclaims@education.gov.ie chun iontráil Saoire Mhéala sa bhreis ar 5 lá oibre a chur isteach san CÉAL do 'Neasghaol'.
Neasghaol eile • Aintín • Uncail • Neacht • Nia	1 lá oibre ar a mhéad I gcúinsí eisceachtúla, (m.sh. má bhí an múinteoir atá i gceist ina chónaí leis an duine nach maireann ag am a bháis, nó go bhfuil cúramaí na sochraide ar an múinteoir), féadfar síneadh a chur leis an teorainn seo go 5 lá oibre. Nóta: Do scoileanna a úsáideann CÉAL na Roinne, ba chóir don fhostóir dul i dteagmháil leis an Roinn (Deasc Chabhrach CÉAL) ag: onlineclaims@education.gov.ie chun iontráil Saoire Mhéala sa bhreis ar 1 lá oibre a chur isteach san CÉAL do 'Neasghaol Eile'.
Marbh-bhreith nó bás réamhbhreithe tar éis 24 seachtaine toirchis (tagraíonn do Shaoire Mhéala amháin, agus ní bhaineann le teidlíocht Saoire Atharthachta) De bharr athruithe reachtaíochta an 16 Meán Fómhair 2024, tá sé seo leasaithe go dtí "Marbh-bhreith nó bás réamhbhreithe tar éis 23 seachtaine toirchis". • Athair an linbh • Céile, Páirtí Sibhialta nó Páirtí Comhchónaithe mháthair an linbh • Tuismitheoir an linbh faoi Alt 5 den Acht um Leanaí agus Caidrimh Teaghlaigh 2015, nuair is leanbh deontóra é an leanbh de réir bhrí Chuid 2 den Acht sin.	10 lá oibre ar a mhéad

Aguisín B – Saoire Mhéala: Ríomhaireachtaí Samplacha

Sampla 1 – Teidlíocht Saoire Mhéala nuair nach mbíonn aon dúnadh scoileanna

1) I gcás bás linbh múinteora, tá uasmhéid 20 lá oibre mar theidlíocht Saoire Mhéala.

2) Tosaíonn Seán Saoire Mhéala an 9 Eanáir 2023, toisc bás a linbh.

3) Déantar teidlíocht Saoire Mhéala a ríomh bunaithe ar na laethanta oibre sa tréimhse ábhartha, le tréimhsí dúnta scoile san áireamh, agus laethanta saoire poiblí/bainc agus deireadh seachtaine as an áireamh.

4) Ceadaítear 20 lá oibre Saoire Mhéala do Sheán, miondealaithe mar seo a leanas:-

    - 9 go 13 Eanáir (5 lá oibre)
    - 16 go 20 Eanáir (5 lá oibre)
    - 23 go 27 Eanáir (5 lá oibre)
    - 30 Eanáir go 3 Feabhra (5 lá oibre)

Sampla 2 –Teidlíocht Saoire Mhéala thar thréimhse ina bhfuil an scoil dúnta

1) Má tharlaíonn bás céile múinteora, tá uasteidlíocht 20 lá oibre mar Shaoire Mhéala.

2) Tosaíonn Saoire Mhéala Áine an 21 Nollaig 2022, mar thoradh ar bhás a céile. Dúnfaidh an scoil do shaoire na Nollag ar an 23 Nollaig agus athosclóidh sí an 9 Eanáir 2023.

3) Déantar an teidlíocht Saoire Mhéala a ríomh bunaithe ar na laethanta oibre sa tréimhse ábhartha, tréimhsí dúnta scoile san áireamh, agus laethanta saoire poiblí/bainc agus deireadh seachtaine as an áireamh.

4) Bronntar 20 lá oibre Saoire Mhéala ar Áine miondealaithe mar seo a leanas:-

    - 21 go 23 Nollaig 2022 (3 lá oibre)
    - 28 go 30 Nollaig 2022 (3 lá oibre)
    - 3 go 6 Eanáir 2023 (4 lá oibre)
    - 9 go 13 Eanáir 2023 (5 lá oibre)
    - 16 go 20 Eanáir 2023 (5 lá oibre)

Sampla 3 – Teidlíocht Saoire Mhéala do mhúinteoir atá ag postroinnt

1) I gcás bás athair múinteora, tá uasteidlíocht 5 lá oibre Saoire Mhéala.

2) Is múinteoir í Máire atá ag postroinnt agus a oibríonn seachtain scoilte i.e. 3 lá/2 lá. Tá sí le bheith ag obair 12 go 14 Nollaig 2022 (Luan go Céadaoin) agus an tseachtain dár gcionn ó 22 go 23 Nollaig (Déardaoin go hAoine). Tosaíonn Máire a Saoire Mhéala ar an gCéadaoin 14 Nollaig toisc bás a hathar.

3) Ríomhtar an teidlíocht Saoire Mhéala bunaithe ar na laethanta oibre sa tréimhse ábhartha, le tréimhsí dúnta scoile san áireamh, agus laethanta saoire poiblí/bainc agus deireadh seachtaine as an áireamh.

4) Deonaítear 1 lá oibre Saoire Mhéala do Mháire, mar seo a leanas:-

    - 14 Nollaig (1 lá saoire mhéala)

5) Tá Máire le filleadh ar an obair an 22 Nollaig.

Sampla 4 – Teidlíocht Saoire Mhéala má tharlaíonn bás ag an deireadh seachtaine

1) I gcás bás deartháir múinteora, tá uasteidlíocht 5 lá oibre Saoire Mhéala ann.

2) Tarlaíonn bás deartháir Sheosaimh ar an Satharn 4 Feabhra 2023. Tosaíonn Seosamh Saoire Mhéala Dé Máirt 7 Feabhra, toisc gur lá saoire bainc é Dé Luain 6 Feabhra.

3) Déantar Teidlíocht Saoire Mhéala a ríomh bunaithe ar na laethanta oibre sa tréimhse ábhartha, le tréimhsí dúnta scoile san áireamh, agus laethanta saoire poiblí/bainc agus deireadh seachtaine as an áireamh.

4) Deonaítear 5 lá oibre Saoire Mhéala do Sheosamh, mar seo a leanas:-

    - 7 go 10 Feabhra 2023 (4 lá oibre)
    - 13 February 2023 (1 lá oibre)

Aguisín C – Foirm Iarratais do Shaoire Mhéala

Ba chóir Saoire Mhéala a chur in iúl don fhostóir láithreach agus iarratas ar shaoire a dhéanamh chomh luath agus is indéanta go praiticiúil tar éis an mhéala. Caithfidh an múinteoir an Fhoirm Iarratais a chomhlánú go hiomlán agus a chur faoi bhráid an fhostóra.

CUID 1A – FOIRM IARRATAIS AN MHÚINTEORA

Ainm an Mhúinteora: _____ Uimh. Theagmhála: _____

Seoladh Baile: _____

Seoladh Ríomhphoist: _____

UPSP: _____

Ainm na Scoile: _____ Uimh. Rolla: _____

CUID 1B – SONRAÍ AN DUINE NACH MAIREANN

Ainm an duine nach maireann: _____

Gaol leis an múinteoir: _____

Dáta báis: _____

Dáta tosaithe na Saoire Méala: _____

Dáta deiridh na Saoire Méala: _____

An líon laethanta oibre: _____

Dearbhú

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar Shaoire Mhéala de réir na Scéime um Shaoire Mhéala mar atá leagtha amach i gCiorclán 0078/2022.

Deimhním go bhfuil an t-eolas atá curtha ar fáil san iarratas fíor agus cruinn.

Síniú an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

Ráiteas Príobháideachta maidir le Cosaint Sonraí

Is é an príomhchuspóir go n-éilíonn an Roinn ort na sonraí pearsanta seo a thabhairt do d'fhostóir ná chun cabhrú le d'iarratas ar Shaoire Mhéala a phróiseáil. Coinneoidh d'fhostóir d'Fhoirm Iarratais agus na doiciméid a ghabhann léi de réir a bpolasaí um Chosaint Sonraí. Tá tuilleadh eolais faoin bpolasaí seo ar fáil ach é a iarraidh ó d'fhostóir.

Is féidir an Fógra Príobháideachta ina dtugtar tuilleadh faisnéise maidir leis an bhfoirm iarratais seo a fháil ag gov.ie. Tá mionsonraí iomlána faoi bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, áit a leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta agus a dtugtar faisnéis maidir leis na cearta atá agat mar ábhar sonra, ar fáil ag gov.ie. Tá mionsonraí faoin bpolasaí seo ar fáil i gcóip chrua ach iad a iarraidh ó Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

CUID 2 – CINNEADH AN FHOSTÓRA

Dearbhaím gur cheadaigh/dhiúltaigh mé (scrios mar is cuí) an t-iarratas ar Shaoire Mhéala de réir na Scéime um Shaoire Mhéala mar atá leagtha amach i gCiorclán 0078/2022. Coimeádfar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchta:

1) Iarratas ar Shaoire Mhéala ☐

2) Fianaise ar mhéala (m.sh. foilsiú ar rip.ie) ☐

Tá Ceadú Saoire Mhéala cláraithe ar an CÉAL/ córas BOO ábhartha ☐

Síniú: _____ Dáta: _____
(Fostóir)

NÍOR chóir an Fhoirm Iarratais a chur chuig an Roinn Oideachais. Ba chóir iad a choinneáil sa scoil/BOO le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifead agus iniúchta leis na taifid phearsanra ábhartha.